Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Deireadh Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**13939/25**

**UEM 486**
***ECB***

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Christine LAGARDE, Uachtarán an Bhainc Ceannais Eorpaigh |
| dáta a fuarthas: | 9 Deireadh Fómhair 2025 |
| chuig: | Thomas WESTPHAL, Ard-Stiúrthóir, Comhairle an Aontais Eorpaigh |
| Ábhar: | MOLADH ÓN mBANC CEANNAIS EORPACH chuig Comhairle an Aontais Eorpaigh maidir le hiniúchóirí seachtracha Suomen Pankki (BCE/2025/35) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo an Moladh ón mBanc Ceannais Eorpach, BCE/2025/35.

AN BANC CEANNAIS EORPACH
AN tEUROCHÓRAS

GA

**MOLADH ÓN mBANC CEANNAIS EORPACH**

**an 7 Deireadh Fómhair 2025**

**do Chomhairle an Aontais Eorpaigh maidir le hiniúchóirí seachtracha Suomen Pankki**

**(BCE/2025/35)**

TÁ COMHLAIRLE RIALAITHE AN BHAINC CEANNAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh, agus go háirithe d'Airteagal 27.1 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Déanann iniúchóirí seachtracha neamhspleácha atá molta ag Comhairle Rialaithe BCE agus a fhormheasann Comhairle an Aontais Eorpaigh iniúchadh ar chuntais an Bhainc Ceannais Eorpaigh (BCE) agus ar chuntais bhainc ceannais náisiúnta na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu.

(2) Tiocfaidh deireadh le sainordú iniúchóirí seachtracha reatha Suomen Pankki, KPMG Oy Ab, tar éis an iniúchta don bhliain airgeadais 2025. Dá bhrí sin, is gá iniúchóirí seachtracha a cheapadh don bhliain airgeadais 2026.

(3) Tá PricewaterhouseCoopers Oy roghnaithe ag Suomen Pankki mar iniúchóirí seachtracha air do na blianta airgeadais 2026 go 2031,

TAR ÉIS AN MOLADH SEO A GHLACADH:

Moltar PricewaterhouseCoopers Oy a cheapadh mar iniúchóirí seachtracha Suomen Pankki do na blianta airgeadais 2026 go 2031.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, an 7 Deireadh Fómhair 025.

*Uachtarán BCE*

Christine LAGARDE